

SNA FIR

Micheál Ó Conghaile

Cló Iar-Chonnachta
Indreabhán
Conamara

An Chéad Chló 1999

© Cló Iar-Chonnachta 1999

ISBN 1 902420 20 9

Clúdach agus Léaráidí: Brian Bourke

Dearadh Clúdaigh: Johan Hofsteenge

Dearadh: Foireann CIC

Faigheann Cló Iar-Chonnachta cabhair airgid ón g**Comhairle Ealaíon**.

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon bhealach ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Clóchur: Cló Iar-Chonnachta, Indreabhán, Conamara.

Fón: 091-593307 Facs: 091-593362 r-phost: cic@iol.ie

Priontáil: Clódóirí Lurgan, Indreabhán, Conamara.

Fón: 091-593251/593157

CLÁR

1. Cuid a hAon	9
2. Cuid a Dó	81
3. Cuid a Trí	137
4. Cuid a Ceathair	185

Leabhair eile leis an údar agus ó Chló Iar-Chonnachta :

Croch Suas É! Eag. (Amhráin) 1986

Gaeltacht Ráth Cairn: Léachtaí Comórtha Eag. (Stair) 1986

Mac an tSagairt (Gearrscéalta) 1986

Comhrá Caillí (Filíocht) 1987

Conamara agus Árainn 1880-1980 (Stair) 1988

Up Seanamhach! Eag. (Amhráin) 1990

Gnéithe d'Amhráin Chonamara Ár Linne (Léacht) 1993

Sláinte: Deich mBliana de Chló Iar-Chonnachta Eag. (Éagsúil) 1995

An Fear a Phléasc (Gearrscéalta) 1997

Aistriúchán:

Banríon Álainn an Líonáin (Dráma le Martin McDonagh) 1999

*Don té a rinne fíon den uisce
an saothar seo*

*'Gus gheobhaidh mé bás le grá do leagan do shúl,
Agus gheobhaidh mé dhá bhás le grá don chois atá fút,
Gheobhad trí bhás má fhaigheann aon fhear eile uaim thú,
A chúl taitneamhach gan smál, mo chrá má cheilimse thú.*

— Anhrán Rinn Mhaoile




*Castar na daoine ar a chéile
ach ní chastar na cnoic ná na sléibhte.*

— Seanfhocal



Níl aithris sa leabhar seo ar aon duine dá bhfuil beo nó marbh.

*Foilsíodh sleachta as an saothar seo cheana in
Comhar, Oghma agus **The Irish Times**.
Ba mhaith leis an údar buíochas a ghlacadh le
heagarthóirí na bhfoilseachán seo.*








Micheál Ó Conghaile

9

CUID A HAON



CUID A HAON

Curriculum Vitae

Ainm: Eoin Pól Mac Donncha
Seoladh: Ceathrú na gCloch
Conamara
Co. na Gaillimhe
Teileafón: 091-428931
Dáta Breithe: 29 Samhain 1979
Stádas Pósta:

Ó, ó! . . . Rinne mé staic thostach ag an bhfocal cé gur i m'intinn amháin a bhí mé ag léamh. 'Singil' atá scríofa anseo agam. Ar ndóigh, sea. Céard eile a d'fhéadfainn a chur ann. Singil . . . Mé théis léimt amach aríst as mo shaol brionglóideach. Mé théis a bheith ag súil le léitheoireacht gan dua ná dualgas anseo. Mar a bheinn ag súil le sásamh maoithneach éicint a bhaint as mo shean-CV a léamh, as súil siar a chaitheamh air. Ní sásamh an focal cruinn dáiríre ach caitheamh aimsire, an chaoi úd gur breá liom ó thráth go chéile a bheith ag méirínteacht go leisciúil seachránach trí sheanlitreacha agus seandialanna de mo chuid agus mé ag glanadh nó ag pointeáil mo sheomra chodlata.

Singil a mheabhraigh mé dom féin aríst is mé ag déanamh gáire beag liom féin. Cén pósadh a d'fhéadfadh a bheith orm ar aon nós. Gan mé fiú scór bliain d'aois. Pósadh, an ea. Chomh maith agus dá mbainfeadh le mo shaolsa ar aon chaoi fearacht Bheairtí Bhun an Bhaile seo thíos, an diabhal bocht.

Is ní CV ceart údarásach a bhí faoi mo láimh agam ar aon nós ach cur i gcéill de CV. Ní le haghaidh jab mór ná fiú jaibín séasúrach samhraidh a cuireadh le chéile é ach mar chuid de thionscnaimh na hidirbhliana dornán blianta ó shin. Cur i gcéill amach is amach a bhí ann ó thús. *Mock*, cé go raibh sé clóscríofa go slachtmhar agam i ndúch dubh ríomhaire ar leathanaigh bhána A4. Na leathanaigh, ceithre cinn acu, tollta agus snaidhmthe go cúramach cineálta le ribín réidh gorm, ar a raibh dhá shúil ubhchruthacha. Cuma údarásach fhírinneach air

mar sin féin, díreach mar is nós leis an mbréag a culaith ghaisce Dhomhnaigh a chaitheamh nuair a bhíogann amach ar an domhain dhiamhrach éiginnte.

“As ucht Dé ort agus dún suas do chlab mór nó cuirfidh mé fata siar ann.” Fógraíonn Michael Jó Beag trasna an bheáir ar Johnny Rua a bhéal a choinneáil dúnta. Ní chloiseann Johnny Rua é, nó tugann an chluas bhodhar dó. Tá cúpla seanleaid eile trasna uaidh ag ól a bpiontaí go mall, iad mar a bheadh idir dhá chomhairle an measa grágaíl mheisce Johnny Rua atá ag dul amú go stadach i gceann dá chuid amhrán ná fothramán callánach an scáileáin mhóir agus lucht féachana an tsacair.

“Up Man. United. Come on Giggs.”

“Ara, Giggs. Ní fhágfar gig anocht aige muis, fan go bhfeicfidh tú, fan ort.”

“Fuck Man. United. Níl iontu ach *shower of wankers, anyways.*” Bhí nimh ag fiuchadh sa nglór a labhair.

“Ara céard atá tú ‘rá! Bolton Wanderers!” Cloisim guth Mhichael Jó Beag aríst, agus strus air. “Cibé cé as ar tháinig siad, nó cá raibh siad le fiche bliain. Ní bheadh fhios acu cén chaoi le haghaidh iad féin a bhainceáil, ní áirím sacar a imirt. Thíos i *Division Three* ba cheart dóibh a bheith.”

“Ní hea ach in éineacht leis na *non-league clubs.*”

“Má tá United chomh maith sin, cá bhfuil a gcuid *goalannaí*. Feictear dom gur *nil-nil* atá i gcónaí ann. Bhí acu fanacht sa mbaile. Deargchuntannaí.”

“Fanacht sa mbaile! Fanacht sa mbaile, an ea, a deir an ABÚ bradach.” Éiríonn Michael Jó Beag ina sheasamh, é saighdte. “Nach thall san Eoraip, a mhac, atá Man. United ag imirt leath an ama. Cé mhéad uair, meas tú, ar imir Bolton Wanderers san Cup Winners’ Cup? Cé mhéad uair a d’imir siad san UEFA Cup.” Buaileann sé rap de dhorn ar an mbord a chuireann deochanna lána ag slabáil. “Cé mhéad uair a bhuaigh siad an *double*, ní áirím é a bhuchtáil *back to back*. Ar imir siad i Wembley ariamh? Ah...? Ach meas tú an bhfuil fhios acu fiú cá bhfuil Wembley. Cois níor leag aon duine de na *bitches* istigh ariamh ann, ná ní leagfaidh go deo. Sin é anois agaibh é.”

Cuirtear ina shuí síos é, cúr cainte agus Guinness spréite lena bhéal.

“Bíodh ag an stair, a Mhichael.” Kevin Teaimín a fhógraíonn air, é ag iarraidh foighne a chur ann. “Tá cuid a’ainn ag iarraidh breathnú ar chluiche na hoíche anocht.”

“Ach tá an fhírinne a’ m, nach bhfuil? Níl sibh in ann a rá nach bhfuil. Nach beag nach mbuailfeadh Galway United iad? Ah . . .?”

“John Paul, John Paul, pionta pórtair, maith an buachaill.” Tá Johnny Rua théis a bhealach a *staggeráil* anall chuig an gcabhantar chugam.

“An bhfuil a luach a’ d,” a fhiafraímse de ag spochadh as.

“Tá a mhíle luach fágtha anseo ar an gcabhantar go minic cheana a’ m, a mhac,” a bhéiceann sé, sul má thuigeann sé gur ag magadh atáim. “Bhí luach a chuid pórtair ag Johnny Rua ariamh! Nach raibh? Nach é mo chuid airgidse atá ag cur greim in do bhéalsa, a mhaicín, atá de do chur isteach ag Gaillimh ag *university*?”

“Johnny Rua! Dúin suas do chlab mór, maith an fear. Tá sacar ar siúl.” Bhí Jim Mhicilín ag cur de, é ag iarraidh éisteacht leis an tráchtairacht agus ag caitheamh súil chrosta trasna ar Johnny Rua. Casann Johnny timpeall, ag cur guaillí air féin go místuama.

“Sibh féin is bhur gcuid sacair, a phaca diabhal mímhúinte. Shílfeá gur leis a rugadh is a tógadh sibh.”

“Níor rugadh leath againne ar chor ar bith, a Johnny, a mhac. Nach amach as *test tubes* a tháinig muid.”

“*Test tube babies, babe.*”

“Bhuel cibé cé as ar tháinig sibh, tá sibh gan tógáil. Is níl maith do thada ionaibh. Ní bhuaileadh an *lot* agaibh tóin bó le sluasaid. Búúú. Búúú.”

“Johnny Rua, mura ndúna tú suas . . .” Tá guth éicint eile nach n-aithním ag tacú le Jim. Buaileann spadhar Johnny Rua. Crágálann sé a bhealach amach i lár an urláir go meisciúil místuama, trasna idir an comhluadar agus an scáileán.

“Suigh síos *for fuck’s sake*. Ní cairiocaí ar bith é seo a’ d. Sí oíche Dé Luain oíche an chairiocaí.”

“Ní shuífidh mé síos muis. Ní shuífidh mé síos nó go dtogróidh mé féin é. Amachaigí libh ar an bhféar plé!” Osclaíonn Johnny Rua a sheaicéad, agus bíonn ag dul á chaitheamh de ach ní chaitheann. Tosaíonn ar amhrán, ag baint a thrí fhad as chuile fhocal.

“Dá mbeinn trí léig i bhfarrage, nó i sléibhte i bhfad ó thúr,
Gan aon ní beo in mo ghaobhar . . .”

“Faraoir ghéar dheacair thú a bheith inár ngaobhar anseo anois . . .”

“Faraoir gan tú báite agus curtha míle léig i bhfarrage.”

“Agus do chorp ag na péiste is na portáin.”

“ . . . ach raitheach glas is fraoch,

An sneachta á shéideadh . . .”

“Breathnaigh, a Johnny, níl Oireachtas ar bith ar siúl anseo, a mhac.
Tá tú san áit mhícheart anois, bíodh ’fhios a’ d.

“Bhí mise anseo romhaibh, a phaca diabhal,” a bhéiceann Johnny
Rua, é théis a anáil a tharraingt i lár véarsa.

“Ach ní bheidh tú ann inár ndiaidh.”

“Ná b’fhéidir i bhfad eile, le cúnamh Dé.”

“Bhí muide anseo ariamh. *Up* an dream s’againne. *Up* na Flahertys.
Diabhal ’fhios beo cé leis leath agaibhse *anyways*.”

“Agus nach cuma linn. Sin é an chaoi is fearr é.”

“Níl aon chall dúinn aird a thabhairt ar dhuine ar bith.”

“Drochsheans gur le Johnny Rua muid ar aon chuma.”

“Ná le Beairtlí Bhun an Bhaile, sin cinnte.”

“ . . . anuas orm, is an ghaoth dhá fhuadach díom . . .”

“Dúin suas do chlab mór, tá *match* ar siúl.”

“Tá an Eurovision thart le seachtain, a Johnny, bíodh ’fhios a’ d.”

“Ní bhfaighidh tú aon vótaí anseo, a chréatúir.”

*“And next, representing Ireland, all the way from the beautiful
picturesque village of Corrownaglough, in the heart of the Connemara
Gaeltacht – the final contender in this year’s Eurovision – please welcome
Johnny Rua Flaherty.”*

Cuireann John Paul Dhonnchú canúint air féin ag ligean air go bhfuil
sé ag caint le trí mhíllín duine trí mhicreafón.

“Johnny Rua *dou point*.

Johnny Rua *sanc point*.”

“ . . . Is ag dul siar le hInse Ghainimh dúinn . . .”

“Breathnaigh! Ní muide dream an raidió a’ d ar chor ar bith, a Johnny.
Níl muide ag tabhairt aon phingin duit as amhrán a rá dúinn. As ucht
Dé ort agus coinnigh do chuid amhrán do dhream an raidió.”

“B’fhéidir dá ndéanfadh muid *collection* beag dó go ndúnfadh sé a bhéal. Dá mbeadh pláta an tsagairt againn.”

“Nó *envelopes* Mheitheal.”

“An bhfuil aon phláta thart?”

Baineann John Paul Seoighe de a sheanchaipín speiceach gorm *People in Need* agus ligeann air féin go bhfuil á chur timpeall ó dhuine go duine go leibideach . . .

“Dheamhan a bhfuil mé in ann aon phingin a mhealladh uathu seo dhuit, a Johnny, faraoid. Beidh tú chomh bocht is a bhí ariamh. Claibíní buidéal féin níl le fáil uathu. Tá siad chomh gortach, na *jewannaí* bradacha nó sin caithfidh sé nach maith leo do chuid amhrán.”

“*Up Camden Town*,” a bhéiceann Johnny, véarsa eile dá amhrán críochnaithe ar nóta an-ard aige.

“Ar ndóigh, níl Camden Town ag imirt ar chor ar bith, a Johnny. Tá dul amú ort. United agus Bolton Wanderers atá ag imirt más maith leat fios a fháil air. Súr, níl foireann ar bith ag Camden Town.”

“. . . is dá mbeadh mo chlann sa mbaile agam . . .”

“John Paul! John Paul!” Screadann Michael Jó Beag orm, é éirithe ina sheasamh agus an canapaí cailte aige. “Cá bhfuil an *remote control*? Ardaigh suas an *volume sky high* nó beidh muid bodhraithe ag an mbastard seo.”

“Johnny Rua! Johnny Rua!” Ligim scread air, faitíos go ngabhfadh an rírá thar fóir. “Gabh anall anseo, a chunt, nó doirtfidh mé do phionta síos sa sinc.”

“Bearáil aríst an bastard.”

“Cuir nimh ina phionta.”

“Ní móide go maródh an nimh fhéin é.”

“Tabhair cúpla *ecstasy* dó a chuirfeas in aer é.”

Tagann Johnny Rua chugam, ag líochán a liopaí, é sásta go maith leis féin anois as rudaí a bheith curtha trína chéile aige.

“Le hómós do d’athair is do do sheanathair,” a deir sé. “Murach sin ní ligfinnse leo é. Paca scabhaitéirí.”

“*Alright*, a Johnny, *alright*, a mhac,” a deirimse, “tóg go réidh é. Ní bheidh an sacar sin ar siúl ar feadh na hoíche. Tá sé beagnach leath ama cheana féin, fan socair tamaillín eile, maith an fear. Féadfaidh tú neart

amhrán a rá ar ball. Múchfaidh mise an scáileán dhuit ach a mbeidh an cluiche thart. Ócé.”

“Is nach mbeidh diabhal de chluiche éicint eile ansin air nó *highlights* nó *slow motion* nó *boxáil* nó . . .”

“Úúúú.”

“Ouchhhh!”

Ciúnaíonn guthanna an chomhluadair go tobann, mar a stopfadh coscán carr. Feicim iad uile greamaithe den scáileán nuair a ardaím mo chloigeann. Tá imreoir éicint leagtha ina scriath ar an talamh. É istigh sa gcearnóg ar éigean, fillte ina dhá leath agus é á chasadh is á lúbadh féin le pian mar a bheadh eascann dhóite ann. Tá roinnt de na himreoirí eile agus stró orthu ag coinneáil a chéile siar.

“Bhí sé taobh istigh.”

“Ní raibh sé taobh istigh.”

“Diveáil sé isteach. Nach bhfaca tú é.”

“Breathnaigh aríst air. Spáinfidh an ceamara leataobhach é. Fan ort anois.”

“Fan go bhfeicfidh tú an athimirt mhall. Nach bhfeiceann tú an líne! Caoch atá tú, an ea?”

Tá an réiteoir ag rith thart ó bhaicle go baicle imreoirí ina bhaileabhair – ag síneadh a mhéara go máistriúil agus an cárta buí á ardú go hard údarásach san aer aige. Tá an dochtúir foirne théis a chás dubh a oscailt agus é ar a leathghlúin ag freastal ar an té atá gortaithe – imreoir de chuid Bolton de réir dhath bán a gheansaí. Tá an dochtúir ag cuimilt a lámh síos agus suas ar a cheathrú dheas. Tarraingíonn amach a gheansaí as a bhríste peile agus cuimlíonn taobh a chorróige sul má spraeálann é le buidéal a mbíonn cúpla croitheadh tapa bainte as. Tarraingíonn sé amach an bríste peile ó bholg an imreora uair nó dhó mar a bheadh ag ligean aer úr isteach.

Athraíonn pictiúr an scáileáin láithreach go dtí aghaidh mháistriúil fhuar an réiteora. Ní cic pionóis atá ann ach saorchic ar imeall na cearnóige. Tá an méid sin deimhnithe aige, é ag fágáil na n-imreoirí, an lucht fhéachana agus chomhluadar an bheáir scoilte ina dhá leath, iad réidh le dul i bpíobán a chéile. Ach níl aon amhras ar an moltóir faoina chinneadh. Brúnn sé chuile dhuine uaidh go dalba is a chloigeann go hard ceannasach san aer.